

**An Dara Seisiún Eolais maidir leis  
an tSamhail Nua Mhaoinithe**

---

## **Clár**

<b>Réamhrá Ginearálta</b>	<b>3</b>
<b>Comhthéacs Airgeadúil</b>	<b>4</b>
<b>Comhthéacs Earnála</b>	<b>4</b>
<b>Scéimeanna - eilimintí comónta</b>	<b>5</b>

<b>Scéim Cumasaithe Pobail</b>	<b>7</b>
<b>Scéim Oideachais Fadsaoil</b>	<b>7</b>
<b>Scéim Réamhscolaíochta</b>	<b>8</b>
<b>Scéim Áiseanna Foghlama</b>	<b>9</b>
<b>Scéim Tacaíochta Teaghlaigh</b>	<b>9</b>
<b>Scéim Óige</b>	<b>10</b>
<b>Scéim Tacaíochta Oideachais</b>	<b>11</b>
<b>Aguisín – Fís</b>	<b>12</b>

## Réamhrá Ginearálta

- [Comhthéacs Luach ar Airgead](#)
- [Comhthéacs Airgeadúil](#)
- [Comhthéacs Earnála](#)

### Comhthéacs Luach ar Airgead

- Toisc gur eagrais é Foras na Gaeilge a chaitheann airgead poiblí ní mór an luach is fearr ar an airgead sin a chinntiú.
- Chuige sin ní mór dó a bheith ábalta fianaise a sholáthar go bhfuil ag éirí lena chuid oibre féin agus leis an obair a bhíonn á maoiniú aige.
- Caithfidh na hacmhainní tearca a úsáid le húsáid na Gaeilge a mhéadú agus le leas an phobail i gcoitinne, idir phobal na Gaeilge agus mhórphobal an Bhéarla.
- Agus Foras na Gaeilge ag iarraidh torthaí teangeolaíochta a bhaint amach iarrfar ar na grúpaí a mhaoiníofar fianaise a chur ar fáil a léiríonn an tionchar atá siad tar éis a imirt ar na mórchúpóirí a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge – stádas, cumas agus úsáid.
- Tugtar lánchead d'eagraíochtaí maoiniú a lorg ó fhoinsí eile maoinithe, ionas nach gá braith ar mhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge amháin. Bheifí ag súil le tré-dhearacht iomlán a bheith léirithe do na foinsí ar fad sa chás seo.

### Luach ar Airgead - Tomhais

Ní mór do na tionscadail a mhaoiníofar faoi na Scéimeanna seo dul i ngleic le ceisteanna mar seo a leanas ar bhealach atá intomhaiste:

- Cad é an *t-ardú* sa mhéid úsáide a bhfuiltear ag súil leis (nó cad é an leibhéal a bhfuiltear ag iarraidh a chothabháil, i gcás go raibh an leibhéal ag dul síos)?
- Cé bhainfidh tairbhe as seo agus cá mhéad daoine atá i gceist? Cad iad na hathruithe teangeolaíochta a thabharfaidh siad faoi deara?

- Conas is féidir a chruthú go ndearnadh dul chun cinn agus conas is féidir a chruthú go mbaineann an dul chun cinn sin leis an gcaiteachas a rinneadh ar an tionscadal/gníomhaíocht seo?
- Conas a chuirfidh na daoine a ghlacfaidh páirt sa tionscadal/gníomhaíocht aiseolas ar fáil faoi na hathruithe teangeolaíochta a tharla ina gcás féin.
- An bhfuil na torthaí sonracha, indéanta agus réalaíoch i bhfianaise an mhéid airgid a bheidh ar fáil?
- An féidir na torthaí a bhaint amach laistigh de shaonré na ngníomhaíochtaí nó an gá iad a thomhas arís ar ball ina dhiaidh sin? (Níltear ag súil, ar ndóigh, gur féidir le heagrais pátrúin úsáide atá seanbhunaithe a athrú laistigh d'aon bhliain airgeadúil amháin.)
- An bhfuil nasc soiléir idir an fhianaise a léiríonn an gá leis an tionscadal/gníomhaíocht agus na torthaí a bhaineann leis/léi?

Go bunúsach an rud atá i gceist ná cad é mar a dhéanfar tomhas ar thorthaí an tionscadail.

## **Comhthéacs Airgeadúil**

### **Níl na socruithe airgeadúla do na heagrais Ghaeilge sa tríú hearnáil inmharthana**

- Sa bhliain 2008 chaith Foras na Gaeilge 40% de bhuiséad iomlán na bliana ar na heagrais bhunmhaoinithe – timpeall is €8 milliún.
- Caitheadh c. leath de sin ar thuarastail. Cé gur tháinig ísliú de 4.25%, ar an bhunmhaoiniú in 2009, tháinig ardú 6.4% ar chostas tuarastal na bhfostaithe.
- Tá laghdú de 9% ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge i mbliana
- Sna trí bliana atá amach romhainn laghdófar buiséad Fhoras na Gaeilge ar a laghad 3% gach bliain

## **Comhthéacs Earnála**

- Tá an gaol idir an stát agus eagrais sa tríú hearnáil i réimsí eile faoi athbhreithniú ag an dá rialtas
- Is cuid nádúrtha den ghaol stát/3ú hearnáil athbhreithniú a dhéanamh ar obair na hearnála

- Shocraigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas ar 2 Nollaig 2009 gur gá athchumrú chun teacht ar mhúnla cuíchóirithe agus éifeachtach don todhchaí.

Dréacht

## Scéimeanna - eilimintí comónta

**Ní mór na Scéimeanna ar fad a fheiceáil sa chomhthéacs seo a míníodh thuas agus tá na heilimintí seo inár ndiaidh comónta iontu.**

### Croíchritéir

1. Beidh an grúpa ag feidhmiú trí Ghaeilge agus is é cur chun cinn agus caomhnú na Gaeilge príomhchuspóir an ghrúpa
2. Beidh taithí nó nuálacht sa réimse oibre ag roinnt leis an ngrúpa
3. Beidh an grúpa comhdhéanta mar is ceart (Meamraim, bunreacht srl)
4. Beidh struchtúr oiriúnach agus cumas bainistíochta ag an ghrúpa
5. Beidh cuntas bainc ag an ghrúpa in ainm na heagraíochta (Tá na socrúithe sínithe seiceanna inghlactha)
6. Beidh gá leis an deontas – nach bhfuil go leor acmhainne ag an ghrúpa leis an tionscadal a réachtáil gan tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge

### Costais Inmhaoinithe

Is féidir cur isteach ar na costais seo a leanas:

- Costais an Chláir .i. an costas a bhaineann leis an Chlár Gníomhaíochtaí a sholáthar briste síos do gach bliain
- Costais riachtanacha eile – tuarastail, costais oifige srl atá riachtanach leis an chlár oibre a chur i gcrích. Caithfidh siad seo a bheith ag baint leis an chlár agus riachtanach lena chur i bhfeidhm agus a bheith réasúnta agus inchosanta.

Ní mór d'iarrthóirí a léiriú go bhfuil na rudaí seo acu:

- Struchtúr eagraíochtúil a bheith in áit nó a bheith incheaptha laistigh d'amscála réasúnta le freastal ar riachtanais na scéime, agus na gnéithe seo san áireamh;
  - Taithí chuí sa réimse oibre NÓ/AGUS nuálaíocht sa réimse oibre seo
  - Cumas le seirbhís a sholáthar ar feadh tréimhse an chonartha.

## **Fad Scéimeanna**

Cé go bhféadfadh eisceachtaí a bheith ann, sa chuid is mó de, samhlaítear go mairfidh na Scéimeanna ar feadh trí bliana leis an bpleánáil agus leis na socrúithe is gá a éascú d'iarrthóirí.

Beidh maoiniú bliain 2 ag brath ar chur i bhfeidhm bliain 1 agus ar aghaidh mar sin.

:

## **Liostáil reatha de na Scéimeanna uile**

- 1. Scéim Abhcóideachta & Taighde**
- 2. Scéim Raidió Pobail**
- 3. Scéim na nEalaíon**
- 4. Scéim Cumasaithe Pobail**
- 5. Scéim Oideachais Fadsaoil**
- 6. Scéim Réamhscolaíochta**
- 7. Scéim Áiseanna Foghlama**
- 8. Scéim Tacaíochta Teaghlaigh**
- 9. Scéim Óige**
- 10. Scéim Tacaíochta Oideachais**

## Dréacht-Chritéir le haghaidh na scéimeanna nua

### **Dréacht-Chritéir: Scéim Cumasaithe Pobail**

- Eagraíocht amháin ag feidhmiú ar bhonn uile-oileánda
- Oifigeach lonnaithe i ngach réigiún ag forbairt straitéisí agus a bhfeidhmiú
- Taithí nó nuálachas sa réimse
- Teimpléad de mhúnla de phlean straitéiseach agus plean feidhmiúcháin ag leibheál réigiúnda
- Liosta páirtithe leasmhara do gach réigiún (ceann samplach ó thuaidh, agus ceann samplach ó dheas)
- Feidhmiú taobh amuigh den Ghaeltacht
- Plean gnó ar chur i bhfeidhm an tionscadail (acmhainní, torthaí, amscála)

### **Dréacht-Chritéir: Scéim Oideachais Fhadsaoil**

- Eagraíocht amháin uile-oileánda
- Bailiú agus poibliú ar na deiseanna foghlama – Plean le hullmhú
- Bearnaí a aithint agus tabhairt faoi iad a líonadh trí ghrúpaí eile
- Tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí maidir le cúrsaí aitheanta/struchtúrtha
- Liosta áiseanna féinteagaisc
- Suíomh le bheith mar rannóg de [www.gaeilge.ie](http://www.gaeilge.ie)



## Dréacht-Chritéir le haghaidh na scéimeanna nua (ar lean.)

### **Dréacht-Chritéir: Scéim Réamhscolaíochta**

- Riaradh uile-oileánda faoi scáth aon eagraíocht amháin
- Forbairt chuí a dhéanamh ar chúrsaí oiliúna Gaeilge don earnáil ar bhonn uile-oileánda chun soláthar réamhscolaíochta ar ardchaighdeán a chinntiú.
- Forbairt chuí a dhéanamh ar chúrsaí oiliúna gairmiúla eile don earnáil ar bhonn uile-oileánda chun soláthar réamhscolaíochta ar ardchaighdeán a chinntiú..
- Léiriú gur féidir tacú le forbairt agus buanú naíonra/naíscóile ar bhonn uile-oileánda – ag cur san áireamh na cúinsí éagsúla sa dá dhlínse.
- Ní mór don iarrthóir rathúil a léiriú go bhfuil sé ar a gcumas bheith in ann fordheontais thacaíochta ar bhonn uile-oileánda a riaradh do naíonraí / naíscóileanna lánGhaeilge –
  - (a) bliain amháin ag cur san áireamh go bhfuil deontais “ecce” a íoc ag an leanaí,
  - (b) deontas aon uaire le hacmhainní a cheannacht nó
  - (c) Deontas bliantúil íoctha uair amháin sa bhliain.
- Ní mór don iarrthóir rathúil bheith in ann clár cuimsitheach oiliúna agus tacaíochta a sholáthar do na rannpháirtithe ar bhonn uile-oileánda bunaithe ar Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí (m.sh. cáilíochtaí HETAC / FETAC / NVQ srl...) do chúram leanaí agus don Ghaeilge.
- Ní mór don iarrthóir rathúil bheith in ann forbairt a dhéanamh ar an staid reatha ó thaobh líon naíonraí / naíscóileanna agus comhoibriú leis na páirtithe leasmhara cuí chun seo a bhaint amach.

## Dréacht-Chritéir le haghaidh na scéimeanna nua (ar lean.)

### **Dréacht-Chritéir: Scéim Áiseanna Foghlama**

- Riaradh faoi scáth aon eagraíocht amháin ar áiseanna dírithe ar Churaclaim TÉ agus go ndéanfaí comhordú le páirtithe leasmhara maidir leis an churaclam ó dheas
- Soláthar áiseanna as an nua mar is cuí
- Aistriúchán agus cur in oiriúint d'ábhar riachtanach do gach eocharchéim
- Oiliúint in úsáid na n-áiseanna do mhúinteoirí cáilithe agus d'ábhair mhúinteoirí sna coláistí oideachais chomh maith
- Na bearnaí a aithint i gcomhar leis an earnáil agus díriú orthu
- Plean tionscadail bhliantúil a aontú le Foras na Gaeilge

### **Dréacht-Chritéir: Scéim Thacaíocht Teaghlaigh**

- Mórstraitéis oileánda don aistriú teanga a fhorbairt agus a fheidhmiú.
- Tacaíocht straitéiseach a thabhairt do theaghlaigh/thuistí leis an rogha a dhéanamh Gaeilge a labhairt leis na páistí.
- Plean le bolscaireacht a dhéanamh ar thábhacht na Gaeilge leis na páirtithe cuí
- Straitéis a fhorbairt agus a fheidhmiú le tionchar a imirt ar pholasaí agus seirbhísí do sholáthróirí sainseirbhísí do theaghlaigh.
- Plean leis na hacmhainní cuí a fhorbairt agus an plean sin a fheidhmiú trí phlé leis na soláthróirí cuí.
- Feachtas feasachta a fhorbairt agus a fheidhmiú i bpáirt leis na páirtithe cuí agus na hiarrthóirí rathúla faoi scéimeanna eile.

## Dréacht-Chritéir le haghaidh na scéimeanna nua (ar lean.)

### Dréacht-Chritéir: Scéim Óige

- Riaradh uile-oileánda faoi scáth aon eagraíocht amháin
- Ní mór don iarrthóir a léiriú gur féidir réimse seirbhísí óige a sholáthar d'earnáil na hóige agus do dhaoine óga iad féin:
  - **Seirbhís Eolais** – i. bailiú eolais faoin soláthar reatha, bunachar a fhorbairt agus an t-eolas a craobhscaoileadh (feasacht an phobail a ardú/margaíocht a dhéanamh ar an eolas). Bheadh ar an iarrthóir rathúil bearnaí a aithint agus plé a dhéanamh leis an oifigeach sa cheantar (ón Scéim Chumasaithe Pobail). Eolas a sholáthar maidir le cosaint páistí. Eolas a sholáthar maidir le cúrsaí árachais. Eolas a sholáthar maidir le seirbhísí atá ar fáil do ghrúpaí óige/daoine óga trí Ghaeilge. Eolas a sholáthar maidir le soláthróirí seirbhísí trí Ghaeilge (bunachar a fhorbairt agus a uasdátú go rialta).
  - **Seirbhís Leictreonach** – i. tairseach Idirlín a fhorbairt agus a chothú (de réir moltaí sa Straitéis Idirlín don Óige) agus soláthar do ‘apps’ Gaeilge a dhéanamh dírithe ar dhaoine óga agus an margadh sin a fhorbairt.
  - **Seirbhís Oilíúna** – i. cúrsaí sainoilíúna d’oibríthe óige a sholáthar do ghrúpaí/coistí srl... ar bhonn uile-oileánda. Oilíúint do daoine óga sna clubanna gur spéis leo a gcuid scileanna i réimse an óige a fhorbairt (ie iad a spreagadh i dtreo bheith ag obair san éarnáil).

**Nóta:** Tá sé i gceist go spreagfaidh sé seo pobail éagsúla (a bheadh ag obair leis an oifigeach tríd an Scéim Cumasaithe Pobail) chun grúpaí óige nua a bhunú a bheadh lonnaithe sa phobal (i. go mbeadh úinéireacht i gceist) agus chan mór-eagraíocht ag teacht isteach ag eagrú imeachtaí agus ag imeacht arís.

## Dréacht-Chritéir le haghaidh na scéimeanna nua (ar lean.)

### Dréacht-Chritéir: Scéim Tacaíochta Oideachais

- Riaradh uile-oileánda faoi scáth aon eagraíocht amháin
- Ní mór don iarrthóir rathúil feidhmiú mar eagraíocht abhcóideachta oideachais ar bhonn uile-oileánda.
- Ní mór don iarrthóir rathúil feidhmiú chomh maith mar eagraíocht tacaíochta oideachais ar bhonn uile-oileánda.
- Ní mór don iarrthóir rathúil a léiriú go bhfuil saineolas acu maidir leis na sainréimsí seo a leanas agus ní mór a léiriú cén bealach gur féidir na nithe seo a fheidhmiú (i. plean 3 bliana):
  - **An tumoideachas mar mhúnla/chur chuige oideachais**
  - **Polasaithe na rialtas maidir leis an Ghaeilge sna córais oideachais (bunleibhéal agus iarbhunleibhéal i scoileanna Béarla agus sa chóras gaelscolaíochta)**
  - **Soláthar Gaelscolaíochta i gceantair ina bhfuil éilimh**
  - **Scoileanna bunaithe**
  - **Cúrsaí oiliúna do mhúinteoirí**
  - **Múineadh na Gaeilge – tacú le múineadh na Gaeilge ag gach leibhéal sna córais oideachais ar bhonn uile oileánda**

## **Aguisín; Fís do na scéimeanna faoin tSamhail Nua Mhaoinithe:**

### **Cumasú Pobail:**

Straitéis chumasaithe pobail a dhearadh agus a fheidhmiú maidir le cur chun cinn agus úsáid na Gaeilge fud an oileáin a léireoidh dea-chleachtas maidir le cumasú pobail de: anailís a dhéanamh ar riachtanais phleanála teanga ag leibhéal áitiúil; bealaí a aimsiú le dúshlán a shárú trí – mar shampla - na hacmhainní atá ann a aithint; agus plean gníomhaíochta a fhorbairt leis na réitigh a chur i bhfeidhm. Is cur chuige pobalbhunaithe ‘ón mbonn aníos’ atá i gceist seachas múnla, righin ‘ón lár’ nó ‘ón bharr’. Déanfar riar ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm straitéisí nuafhorbartha i sainreigiúin réamh-aitheanta chun úsáid agus forbairt na Gaeilge a chur chun cinn i ngach gné den tsochaí i gcomhar le páirtithe leasmhara na reigiún sin.

### **Tacaíocht Teaghlaigh:**

Straitéis a dhearadh agus a fheidhmiú chun an t-aistriú teanga ó ghlúin go glúin a fhorbairt agus chun imeachtaí agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar do theaghlaigh atá ag iarraidh clann a thógáil le Gaeilge. Bolscaireacht faoin choincheap aistriú teanga a dhéanamh agus tacaíocht a sholáthar do lánúnacha atá ag smaoineamh ar an nGaeilge a úsáid lena gclann. Mar chuid den scéim seo bheadh gá le dhá chlár ar leith – i. clár do theaghlaigh le Gaeilge mar aon le clár do theaghlaigh gan/nó ar bheagán Gaeilge fud an oileáin.

### **Áiseanna teagaisc:**

Straitéis a dhearadh agus a fheidhmiú chun riar a dhéanamh ar fhorbairt agus ar sholáthar áiseanna chomh maith le hoiliúint in úsáid na n-áiseanna sin dírithe ar riachtanais an churaclaim ghaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann go príomha agus comhordú le soláthróirí eile fud an oileáin.

### **Óige:**

Straitéis a dhearadh agus a fheidhmiú chun seirbhís eolais, seirbhís leictreonach agus seirbhís oiliúna a chur ar fáil do dhaoine óga agus grúpaí pobail fud an oileáin chun úsáid na Gaeilge i measc daoine óga a mhéadú lasmuigh den scoil. Straitéis ar bhonn uile-oileánda, ag tabhairt na gcúinsí éagsúla fud an oileáin san áireamh, a bheidh ann.

### **Tacaíocht Oideachais:**

Straitéis a dhearadh agus a fheidhmiú chun tacaíocht chuí a sholáthar do mhúineadh na Gaeilge; do mhúineadh trí Ghaeilge; do mhúinteoirí Gaeilge agus chun comhairle agus tacaíocht a sholáthar do ghrúpaí maidir leis an ghaelscolaíocht fud an oileáin i bpáirt leis na páirtithe leasmhara cuí.

### **Tacaíocht luathbhlianta:**

Straitéis a dhearadh agus a fheidhmiú chun riar a dhéanamh ar riachtanais earnáil réamhscolaíochta na Gaeilge fud an oileáin ag cur san áireamh na gcúinsí éagsúla san éarnáil sa dá dhlínse. Tá sé mar aidhm go mbeidh méadú ar líon naíonraí/naíscoileanna ar bhonn uile-oileánda agus méadú ar líon páistí atá sa chóras réamhscolaíochta Gaeilge.